Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14293/23**

**SOC 688**
**EMPL 488**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Lærke Thorø Borch SLOTH, comhalta don Danmhairg, in ionad Søren FRIIS, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Søren FRIIS éirithe as oifig mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Danmhairg).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Danmhairge don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027:

Lærke Thorø Borch SLOTH
Ceann Rannóige
An Aireacht Fostaíochta
Holmens Kanal 20
DK-1060 Cóbanhávan K
Teil: + 45 20562807
ríomhphost: ltbs@bm.dk

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Søren FRIIS as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Danmhairge don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
[2] IO C 116, 31.3.2023, lch. 23.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Lærke Thorø Borch SLOTH ina comhalta ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú in ionad Søren FRIIS, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán